
# Éireannaigh sa Mheánoirthear



Eochairfhocail: meánoirthear, diúracáin, idircheapóirí, dianghlasáil, sáinnithe

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad atá á gcur ar fáil ag Rialtas na hÉireann d'Éireannaigh atá sáinnithe thall sa Mheánoirthear?
2. Cé mhéad Éireannach a mheastar a bhfuil cónaí orthu sa Mheánoirthear?
3. Cad a deir Gracie Ní Rabhartaigh a ndearnadh iarracht ionsaí a dhéanamh air i gCatar níos luaithe an lá sin?
4. Cad iad na jabanna atá ag Tess Nic Shamhráin in Doha?
5. Cén saghas teachtaireachta a fuair Éireannaigh cosúil le Jonathan Ó hEarcáin ón ambasáid in Dubai Dé Sathairn seo caite?
6. Conas a mhothaigh Christine Jackson nuair a bhí cogadh ar leac an dorais aici sa cheantar sin na blianta ó shin?
7. Ainmnigh grúpa amháin daoine a tháinig amach ag cáineadh na n-ionsaithe seo.
8. Cé hiad na daoine is mó atá ag fulaingt faoi láthair de bharr an chogaidh seo, dar leis an Easpag Alan Mac Eochagáin?
9. Cén roinn de chuid Rialtas na hÉireann is mó a bhfuil baint aici leis an ngéarchéim seo, de réir na míre nuachta seo?
10. An bhfuil tú ag leanúint an chogaidh seo is déanaí sa Mheánoirthear? Breac síos dhá rud atá ar eolas agat faoi.



Gníomhaíocht Smaointeoireachta



**meaitseáil an focal leis an sainmhíniú ceart**

| | |
|---|---|
| diúracán | an tír a ndearna Meiriceá agus Iosrael ionsaí uirthi |
| idircheapóir | an príomh-mhothúchán atá ar Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu sa cheantar |
| an Iaráin | an roinn rialtais in Éirinn is mó a bhfuil baint dhíreach aici leis an gcogadh seo |
| an Meánoirthear | arm a théann tríd an spéir agus a phléascann nuair a bhuaileann sé i gcoinne ruda. |
| Catar | an dream daoine is mó atá thíos leis an gcogadh seo i láthair na huaire |
| imní | ceann de na tíortha a ndearna an Iaráin ionsaí uirthi |
| dianghlasáil | an chaoi a mothaíonn daoine a bhfuil cónaí orthu sa cheantar sin ach a dteastaíonn uathu eitilt abhaile a fháil chuig a dtíortha dúchais féin |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha | ceantar thar a bheith currach agus suaite ar domhan |
| sáinnithe | ordú rialtais atá curtha i bhfeidhm i roinnt cathracha sa cheantar le seachtain anuas |
| daoine neamhurchóideacha | arm cosanta a stopann diúracáin san aer |

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Samhlaigh gur múinteoir de chuid na hÉireann tú ach go bhfuil cónaí ort i gCatar. Déan cur síos ar a bhfuil feicthe agus cloiste agat sa tír sin le seachtain anuas. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat. Is leor 75 focal sa chur síos.**

- fuaimeanna uafásacha ón spéir
- imní an domhain
- faoi dhianghlasáil
- gach rud dúnta
- na meáin shóisialta
- dul i dteagmháil
- easpa cinnteachta
- teachtaireachtaí ó rialtas na tíre
- cúrsaí slándála
- is maith an scéalaí an aimsir



## Freagraí

1. eitiltí abhaile
2. suas le 22,000
3. an t-aerfort
4. múinteoir bunscoile agus múinteoir ar an rince Gaelach
5. teachtaireacht a mhol dóibh fanacht sa bhaile agus foscadh a ghlacadh
6. iontach scanraithe
7. an Eaglais Chaitliceach/ Easpaig na hEaglaise Caitlicí
8. na sibhialtaigh/ daoine neamhurchóideacha
9. an Roinn Gnóthaí Eachtracha

- diúracán = arm a théann tríd an spéir agus a phléascann nuair a bhuaileann sé i gcoinne ruda.
- idircheapóir = arm cosanta a stopann diúracáin san aer
- an Iaráin = an tír a ndearna Meiriceá agus Iosrael ionsaí uirthi
- an Meánoirthear =
- Catar = ceann de na tíortha a ndearna an Iaráin ionsaí uirthi
- imní = an príomh-mhothúchán atá ar Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu sa cheantar
- dianghlasáil = ordú rialtais atá curtha i bhfeidhm i roinnt cathracha sa cheantar le seachtain anuas
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha = an roinn rialtais in Éirinn is mó a bhfuil baint dhíreach aici leis an gcogadh seo
- sáinnithe = an chaoi a mothaíonn daoine a bhfuil cónaí orthu sa cheantar sin ach a dteastaíonn uathu eitilt abhaile a fháil chuig a dtíortha dúchais féin
- daoine neamhurchóideacha = an dream daoine is mó atá thíos leis an gcogadh seo i láthair na huaire